2025/1906

30.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1906 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2025

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'GA 24-50 BPF' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, chuir MC (Netherlands) 1 B.V. iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar 'GA 24-50 BPF' de chineálacha táirgí 6, 11 agus 12, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé deimhniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na hÍsiltíre meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-AE027041-75 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é glútaraildéad an tsubstaint ghníomhach atá in 'GA 24-50 BPF', ar substaint í a chuimsítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 6, 11 agus 12.

(3) An 31 Bealtaine 2022 chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

(4) An 18 Márta 2025, chuir an Ghníomhaireacht tuairim uaidh ([2]) faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, sin agus an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'GA 24-50 BPF', maille leis an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ar an bhfine táirgí bithicídeacha.

(5) Is é conclúid na tuairime sin gur fine táirgí bithicídeacha atá in 'GA 24-50 BPF' de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go sásaíonn sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(6) den Rialachán sin.

(6) Comhlíonann an tsubstaint ghníomhach glútaraildéad na critéir maidir le haicmiú mar shubstaint a bhféadfadh íogrú riospráide a eascairt aisti mar a shainmhínítear i Roinn 3.4.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Dá bhrí sin, comhlíonann an tsubstaint ghníomhach sin na coinníollacha chun í a mheas mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus rinne an t-údarás inniúil measúnú comparáideach ar an bhfine táirgí bithicídeacha i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán sin. Sa mheasúnú comparáideach, níorbh fhéidir aon rogha mhalartach a shainaithint toisc gur measadh nár leor an éagsúlacht cheimiceach chun 'GA 24-50 BPF' a ionadú'. Dá bhrí sin ba cheart an fhine táirgí bithicídeacha a údarú ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana i gcomhréir le hAirteagal 23(6) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Tuairim an 27 Feabhra 2025 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'GA 24-50 BPF' (ECHA/BPC/465/2025), https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([3]) Rialachán (CE) uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

(7) An 11 Aibreán 2025 rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(8) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'GA 24-50 BPF'.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear leis seo údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0030162-0000 do MC (Netherlands) 1 B.V. chun an fhine táirgí bithicídeacha 'GA 24-50 BPF' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 20 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 30 Meán Fómhair 2030.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

GA 24-50 BPF

Cineál nó cineálacha táirge

PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil

PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála

PT12: Slaimicídí

Uimhir an údaraithe: EU-0030162-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0030162-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	GA 24-50 BPF

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála PT12: Slaimicídí

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	MC (Netherlands) 1 B.V.
	Seoladh	Montrealweg 15 3197KH Botlek Rotterdam NL
Uimhir an údaraithe		EU-0030162-0000
Uimhir sócmhainne R4BP		EU-0030162-0000
Dáta an údaraithe		an 20 Deireadh Fómhair 2025
Dáta éaga an údaraithe		an 30 Meán Fómhair 2030

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	MC (US) 3 LLC
Seoladh an mhonaróra	Route 25 West Virginia 25112 Institute, Na Stáit Aontaithe
Suíomh na láithreán monaraíochta	MC (US) 3 LLC site 1 Route 25 West Virginia 25112 Institute, Na Stáit Aontaithe

Ainm an mhonaróra	Microbial Control (Switzerland) GmbH
Seoladh an mhonaróra	Wolleraustrasse 15-17 CH-8807 Freienbach, An Eilvéis
Suíomh na láithreán monaraíochta	Microbial Control (Switzerland) GmbH site 1 Geslecht (Harbour 1931) 9130 Kallo, An Bheilg Microbial Control (Switzerland) GmbH site 2 Madoerastraat 10 3199 KR Maasvlakte, Rotterdam, An Ísiltír

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Glutaral (Glutaraldehyde)
Ainm an mhonaróra	MC (US) 3 LLC
Seoladh an mhonaróra	Route 25 West Virginia 25112, Institute Na Stáit Aontaithe
Suíomh na láithreán monaraíochta	MC (US) 3 LLC site 1 Route 25 West Virginia 25112 Institute, Na Stáit Aontaithe

Caibidil 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Glutaral (Glutaraldehyde)	1,5-pentanedial	Substaint ghníomhach	111-30-8	203-856-5	12,9 - 55,3 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

Caibidil 1. MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: meta SPC GA 50

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála PT12: Slaimicídí

Caibidil 2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Glutaral (Glutaraldehyde)	1,5-pentanedial	Substaint ghníomhach	111-30-8	203-856-5	48,5 - 55,3 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1

Ráitis ghuaise	H301: Tocsaineach má shlogtar é. H314: Ina chúis le dónna tromchúiseacha craicinn agus le damáiste don tsúil. H317: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomh ailléirgeach craicinn. H330: Marfach má ionanálaítear é. H334: D'fhéadfadh a bheith ina chúis le siomptóim ailléirge nó asma nó deacrachtaí análaithe má ionanálaítear é. H410: An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. EUH071: Creimneach don chonair riospráide.

Ráitis réamhchúraim	P260: Ná hanálaigh sprae. P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin. P280: Caith lámhainní cosanta. P284: [I gcás aerála uireasaigh] caith cosaint riospráide. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P301+P310: MÁ SHLOGTAR É: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHIÚCHÁIN. P330: Sruthlaítear an béal. P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHIÚCHÁIN. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P342+P311: I gcás siomptóm riospráide: Cuir glao ar IONAD NIMHIÚCHÁIN. P391: Bailigh doirteadh. P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P501: Diúscair an coimeádán i de réir rialachán áitiúil infheidhme. P501: Diúscair ábhar i de réir rialachán áitiúil infheidhme.

Caibidil 4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

Leasú gearr-théarmach den phróiseas tionsclaíoch, m.sh. leasú le linn táirgthe agus/nó stóras de laitéisí (seachtain amháin) agus péinteanna uisce-iompartha (trí sheachtain) sa mhonarcha roimh an phacáistíocht dheiridh.

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giosta Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil

	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Éifeachtúlacht ghearr-théarmach chun sláinteachas monarcha a choinneáil agus bac a chur ar loiteadh meascán táirgthe idirmheánach de laitéisí agus péinteanna uisce-iompartha.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Déantar na táirgí bithicíde stóráilte i dtanc mór amháin nó i neart tancanna agus dáilte isteach in amábhair nó meascáin idirmheánacha le linn an phróisis táirgthe. Dáileadh an táirge bithicíd ar an leacht úsáide deiridh ag pointe a chinntíonn meascadh leordhóthanach trí mheán dáileadh uathoibríoch nó láimhe.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Péinteanna: 0.1 go 0.95 g glútaildéad sa kg de mhaitrís d'úsáid choisctheach. Péinteanna: 0.1 go 0.95 g glútaildéad sa kg de mhaitrís le ham teagmhála de 7 lá d'úsáid íceach. Laitéisí: 0.1 go 0.6 g glútaildéad sa kg de mhaitrís d'úsáid choisctheach. Laitéisí: 0.1 go 0.6 g glútaildéad sa kg de mhaitrís le ham teagmhála de 7 lá d'úsáid íceach. Airí uainithe: Uair sa rith táirgthe den táirge le leasú. Cuireann glútaildéad éifeachtacht láithreach agus leasú gearr-théarmach feadh suas le trí seachtain do phéinteanna agus seachtain amháin do laitéisí ar fáil.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch gairmí oilte
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buicéid: 25L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Drumaí: 220L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — IBC (bulc-choimeádán idirmheánach): 1 000L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Trucail bhulc-tanc: 28 MT ollmheáchan uas.., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Trucail bhulc ISO: 20 MT ollmheáchan uas., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Drumaí oiriúnach amach ón chósta: 200L, ábhar déantúsaíocha is poileitiléin ard dlús é. — Coimeádáin leath-bhulc oiriúnach amach ón chósta: 1 000L, is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 500 Gailún impiriúil (IG) (2 273L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 1 000 IG (4 546L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Tabhair dáileog táirge bithicídigh don sreabhán úsáid deiridh ag pointe éigin chun meascadh sásúil trí úsáid uathmhéadraithe nó méadrú láimhe.

Péinteanna: 0.1 go 0.95 g glútaildéad sa kg de mhaitrís.

Laitéisí: 0.1 go 0.6 g glútaildéad sa kg de mhaitrís.

Braitheann an dáileog go mór ar an fhoirmliú agus úsáid bheartaithe den mhaitrís atá an leasú curtha leis. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfaidh an t-úsáideoir na riachtanais dáileoige a dhearbhú don chóras nó maitrís sonrach a bheith leasaithe. Ba chóir go mbeidh an dáileog is ísle is éifeachtaí úsáidte. Má's gá, téigh i gcomhairle le déantúsóir an táirge leasaithe.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Níor cheart an táirge a chur le péinteanna agus bratuithe a chuirtear i bhfeidhm trí spraeáil.

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2.

Leasú sreabháin glanta agus níocháin.

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giosta Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Leasú de shreabháin glanta agus níocháin (m.sh. glantóirí dromchlaí crua (glantóirí uilefhóinteach), táirgí glanta soithí láimhe, feabhsaitheoirí fabraice agus glantaigh níocháin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Tabhair dáileog táirge bithicídigh don sreabhán úsáid deiridh ag pointe éigin chun meascadh sásúil trí úsáid uathmhéadraithe nó méadrú láimhe.

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 0,3 go 0,95 g glutaraldehyde in aghaidh 1 kg den táirge deiridh le húsáid choisctheach i gcoinne baictéir. 0,2 go 0,95 g glutaraldehyde in aghaidh 1 kg den táirge deiridh le haghaidh úsáide coisctheach i gcoinne giostaí agus fungais. 0,3 go 0,95 g glutaraldehyde in aghaidh 1 kg den táirge deiridh le ham teagmhála 7 lá le haghaidh úsáid leigheasach i gcoinne baictéir. 0,2 go 0,95 g glutaraldehyde in aghaidh 1 kg den táirge deiridh le ham teagmhála 7 lá le haghaidh úsáide leigheasacha i gcoinne giostaí agus fungais. Airí uainithe: Uair sa rith táirgthe den táirge le leasú.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch gairmí oilte
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buicéid: 25L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Drumaí: 220L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — IBC (bulc-choimeádán idirmheánach): 1 000L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Trucail bhulc-tanc: 28 MT ollmheáchan uas.., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Trucail bhulc ISO: 20 MT ollmheáchan uas., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Drumaí oiriúnach amach ón chósta: 200L, ábhar déantúsaíocha is poileitiléin ard dlús é. — Coimeádáin leath-bhulc oiriúnach amach ón chósta: 1 000L, is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 500 IG (2 273L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 1 000 IG (4 546L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Tabhair dáileog táirge bithicídigh don sreabhán úsáid deiridh ag pointe éigin chun meascadh sásúil trí úsáid uathmhéadraithe nó méadrú láimhe.

Dáileog:

Baictéir: 0,3 go 0,95 g glutaraldehyde in aghaidh 1 kg den táirge deiridh.

Giostaí & Fungais: 0,2 go 0,95 g glutaraldehyde in aghaidh 1 kg den táirge deiridh.

Braitheann an dáileog go mór ar an fhoirmliú agus úsáid bheartaithe den mhaitrís atá an leasú curtha leis. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfaidh an t-úsáideoir na riachtanais dáileoige a dhearbhú don chóras/maitrís sonrach a bheith leasaithe. Ba chóir go mbeidh an dáileog is ísle is éifeachtaí úsáidte. Má's gá, téigh i gcomhairle le déantúsóir an táirge leasaithe.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.3. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3.

Leasú de thaos datha/sciodar mianra chun réimse leathan táirgí a dhathú (m.sh. teicstílí, dúigh, péinteanna, páipéir).

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Leasú de thaos datha agus sciodar mianra a úsáidtear chun réimse leathan táirgí a dhathú (m.sh. teicstílí (snáithíní cairpéid, cúl cairpéid, téadra, cuirtíní agus cuirtíní ceatha), dúigh, péinteanna, páipéir).
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ba chóir go mbeidh meascadh maith agus dáileadh aonfhoirmeach den táirge bithicídigh dearbhaithe trí úsáid uathmhéadraithe nó méadrú láimhe.Tá taosanna datha tugtha isteach go réidh ag trealamh measctha ísealchumhachta gan aon scaipeadh breise de dhíth.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa kg de thaos datha/sciodar mianra d'úsáid choisctheach. 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa kg de thaos datha/sciodar mianra le ham teagmhála de 2 lá d'úsáid íceach. Airí uainithe: Uair sa rith táirgthe den táirge le leasú. Cuireann glútaildéad éifeachtacht láithreach agus cuireann sé bac ar athfhás feadh suas le 3 seachtain.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch gairmí oilte
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buicéid: 25L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Drumaí: 220L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — IBC (bulc-choimeádán idirmheánach): 1 000L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Trucail bhulc-tanc: 28 MT ollmheáchan uas.., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Trucail bhulc ISO: 20 MT ollmheáchan uas., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

	— Drumaí oiriúnach amach ón chósta: 200L, ábhar déantúsaíocha is poileitiléin ard dlús é. — Coimeádáin leath-bhulc oiriúnach amach ón chósta: 1 000L, is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 500 IG (2 273L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 1 000 IG (4 546L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Tabhair dáileog táirge bithicídigh don taos datha nó sciodar mianraí ag pointe éigin chun meascadh sásúil trí úsáid uathmhéadraithe nó méadrú láimhe.

Dáileog 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa kg de thaos datha nó sciodar mianra.

Braitheann an dáileog go mór ar an fhoirmliú agus úsáid bheartaithe den mhaitrís atá an leasú curtha leis. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfaidh an t-úsáideoir na riachtanais dáileoige a dhearbhú don chóras/maitrís sonrach a bheith leasaithe. Ba chóir go mbeidh an dáileog is ísle is éifeachtaí úsáidte. Má's gá, téigh i gcomhairle le déantúsóir an táirge leasaithe.

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.4. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4.

Leasú breiseán do tháirgeadh páipéir.

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giosta Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Leasú breiseán do bhreiseáin pháipéir úsáidte i muilinn pháipéir.

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cuirtear an táirge bithicíde seo go huathoibríoch trí chaidéil dáileoige agus línte sreafa sa tanc breiseáin.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Do bhaictéir, 0.1 go 0.5 g glútaildéad sa 1 kg de bhreiseán páipéir mianra d'úsáid choisctheach. Do ghiostaí agus fungais, 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa kg de bhreiseán páipéir mianra d'úsáid choisctheach. Do bhaictéir, 0.1 go 0.5 g glútaildéad sa kg de bhreiseán páipéir le ham teagmhála de 2 lá d'úsáid íceach. Do ghiostaí agus fungais, 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa kg de bhreiseán páipéir le ham teagmhála de 2 lá d'úsáid íceach. Airí uainithe: Uair sa rith táirgthe den táirge le leasú. Soláthraíonn Glutaraldehyde éifeachtúlacht láithreach agus cuireann sé cosc ar athfhás ar feadh tréimhse suas le 3 seachtaine.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch gairmí oilte
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buicéid: 25L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Drumaí: 220L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — IBC (bulc-choimeádán idirmheánach): 1 000L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Trucail bhulc-tanc: 28 MT ollmheáchan uas.., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Trucail bhulc ISO: 20 MT ollmheáchan uas., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Drumaí oiriúnach amach ón chósta: 200L, ábhar déantúsaíocha is poileitiléin ard dlús é. — Coimeádáin leath-bhulc oiriúnach amach ón chósta: 1 000L, is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 500 IG (2 273L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 1 000 IG (4 546L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

4.4.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Tabhair dáileog táirge bithicídigh don bhreiseán páipéir deiridh ag pointe éigin chun meascadh sásúil trí úsáid uathmhéadraithe nó méadrú láimhe.

Do bhaictéir, 0.1 go 0.5 g glútaildéad sa 1 kg de bhreiseán páipéir mianra.

Do ghiostaí agus fungais, 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa kg de bhreiseán páipéir.

Braitheann an dáileog go mór ar an fhoirmliú agus úsáid bheartaithe den mhaitrís atá an leasú curtha leis. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfaidh an t-úsáideoir na riachtanais dáileoige a dhearbhú don chóras/maitrís sonrach a bheith leasaithe. Ba chóir go mbeidh an dáileog is ísle is éifeachtaí úsáidte. Má's gá, téigh i gcomhairle le déantúsóir an táirge leasaithe.

4.4.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.4.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.4.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.4.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.5. **Tuairisc úsáide**

Tábla 5.

Leasú amhola.

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid lasmuigh Leasú amhola le huisce a ghabhann leis ag réiteach do thuilleadh próiseála.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Instealladh baisce trí chaidéal dáileoige agus línte cothaithe tiomnaithe i líon stóráilte breoslaí.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 0.025 go 0.4 g glútaildéad sa lítear d'ábhar uisce in amhola d'úsáid choisctheach. Do bhaictéir, 0.025 go 0.4 g glútaildéad sa kg lítear d'ábhar uisce in amhola le ham teagmhála de 24 uair d'úsáid íceach. Airí uainithe: Uair sa tseachtain. Cuireann glútaildéad éifeachtacht láithreach agus leasú gearr-théarmach feadh suas le seachtain amháin.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch gairmí oilte
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buicéid: 25L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Drumaí: 220L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — IBC (bulc-choimeádán idirmheánach): 1 000L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Trucail bhulc-tanc: 28 MT ollmheáchan uas.., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Trucail bhulc ISO: 20 MT ollmheáchan uas., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

	— Drumaí oiriúnach amach ón chósta: 200L, ábhar déantúsaíocha is poileitiléin ard dlús é. — Coimeádáin leath-bhulc oiriúnach amach ón chósta: 1 000L, is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 500 IG (2 273L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 1 000 IG (4 546L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

4.5.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ba chóir go mbeidh tancanna amhola 10% lán sula ndéantar cóireáil orthu. Ná dáil isteach i tancanna amhola folmha. Nuair atá tú ag cóireáil tancanna stórais, tabhair faoi deara nach mbeidh cóireáil éifeachtach déanta ach amháin le meascadh éifeachtúil. Go hidéalach, ba chóir go mbeidh an táirge bithicíde dáilte isteach i sruth amhola atá ag sreabhadh san ionraon tainc stórais.

Dáil 0.025 go 0.4 g glútaildéad sa lítear d'ábhar uisce in amhola.

Ba chóir go mbeidh leibhéal na dáileoige i gcomhréir leis an riosca agus leibhéal ionfhabhtaithe, agus am measta roimh an chéad chóireáil eile nó diúscairt leachta eile. Ba chóir don chóras dáilte a bheith ina chóras dúnta. Tá dóthain suaitheadh de dhíth chun aonchineálacht a dhearbhú síos tríd an toirt leachta.

Braitheann an dáileog agus an mhinicíocht go mór ar an fhoirmliú agus úsáid bheartaithe den mhaitrís (amhola) atá an leasú curtha leis. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfaidh an t-úsáideoir na riachtanais dáileoige a dhearbhú don chóras/maitrís sonrach a bheith leasaithe. Ba chóir go mbeidh an dáileog is ísle is éifeachtaí úsáidte. Má's gá, téigh i gcomhairle le déantúsóir an táirge leasaithe.

4.5.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha úsáide ginearálta. Ina theannta sin:

I gcás scaoileadh díreach den chéim uiscí chuig an séarach níor chóir go mbeidh an tiúchan ós cionn 0.75 mg de ghlútaildéad/L.

4.5.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.5.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Ba chóir go ndéantar diúscairt ar uisce a bhaineann leis de réir na rialachán áitiúla agus réigiúnacha uilig.

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.5.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.6. **Tuairisc úsáide**

Tábla 6.

Leasú de leachtanna druileála sa tionscal ola agus gáis.

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid lasmuigh Caomhnú sreabhán, (m.sh., láib druileála, sreabhán stroighne, sreabhán spásála) a úsáidtear chun toibreacha ola, gáis agus uisce a dhruileáil.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Instealladh tréimhsiúil díreach isteach i leachtanna druileála ullmhaithe.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 0,25 go 0,5 g glutaraldehyde in aghaidh na lítear de tháirge taighde le h-am teagmhála de 1 uair an chloig le húsáid chorróideach. Airí uainithe: Tá cóireáil de dhíth nuair atá fianaise nó seans an ard go mbeidh díghrádú miocróbach de leachtanna druileála. Is féidir cóireáil a dhéanamh chomh minic agus is mian leat bunaithe ar mhonatóireacht de dhaonraí miocróbacha agus tiúchan bithicíde. Ba chóir go mbeidh cóireáil déanta ar dhaonraí miocróbacha athfhásacha láidre 3 uair sa tseachtain ar an mhéid.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch gairmí oilte
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buicéid: 25L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Drumaí: 220L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — IBC (bulc-choimeádán idirmheánach): 1 000L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Trucail bhulc-tanc: 28 MT ollmheáchan uas.., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Trucail bhulc ISO: 20 MT ollmheáchan uas., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Drumaí oiriúnach amach ón chósta: 200L, ábhar déantúsaíocha is poileitiléin ard dlús é. — Coimeádáin leath-bhulc oiriúnach amach ón chósta: 1 000L, is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 500 IG (2 273L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 1 000 IG (4 546L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

4.6.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Dáileog 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa lítear den leacht druileála.

Braitheann an dáileog go mór ar an fhoirmliú agus úsáid bheartaithe den mhaitrís atá an leasú curtha leis. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfaidh an t-úsáideoir na riachtanais dáileoige a dhearbhú don chóras/maitrís sonrach a bheith leasaithe. Ba chóir go mbeidh an dáileog is ísle is éifeachtaí úsáidte. Má's gá, téigh i gcomhairle le déantúsóir an táirge leasaithe.

Dearbhaigh go bhfuil an t-ábhar cóireáilte scartha ó láib eile i ndiaidh é a úsáid. Ní mór do leachtanna druileála caite a bheith sruthlaithe díreach isteach san fhoirmíocht, bailithe le hathúsáid i gcoimeádán eile, dúnta nó diúscairt déanta orthu i gceart de réir riachtanas áitiúil, stáit nó feidearálach mar a dhéantar cur síos ar san SDS. Ní cheadaítear de dhiúscairt leachtanna druileála thar bord.

4.6.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ní mór ábhair chaomhnaithe a athchúrsáil nó a dhiúscairt mar dhramhaíl soladach.

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.6.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.6.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.6.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.7. **Tuairisc úsáide**

Tábla 7.

Leasú de leachtanna deighilte uisce-bhunaithe don tionscal ola agus gáis le linn stórála.

An cineál táirge	PT06: Leasaithigh do tháirgí le linn dóibh a bheith á stóráil
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid lasmuigh Caomhnú na sreabhán a úsáidtear sa phróiseas briste.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Instealladh díreach isteach i leachtanna deighilte ullmhaithe.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa lítear de leacht deighilte d'úsáid choisctheach. Do bhaictéir, 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa kg lítear de leacht deighilte in amhola le ham teagmhála de 1 uair d'úsáid íceach. Airí uainithe: Tá cóireáil de dhíth nuair atá fianaise nó seans an ard go mbeidh díghrádú miocróbach de leachtanna deighilte. Is féidir cóireáil a dhéanamh chomh minic agus is mian leat bunaithe ar mhonatóireacht de dhaonraí miocróbacha agus tiúchan bithicíde. Ba chóir go mbeidh cóireáil déanta ar dhaonraí miocróbacha athfhásacha láidre 3 uair sa tseachtain ar an mhéid.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch gairmí oilte
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buicéid: 25L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Drumaí: 220L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — IBC (bulc-choimeádán idirmheánach): 1 000L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é.

	— Trucail bhulc-tanc: 28 MT ollmheáchan uas.., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Trucail bhulc ISO: 20 MT ollmheáchan uas., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Drumaí oiriúnach amach ón chósta: 200L, ábhar déantúsaíocha is poileitiléin ard dlús é. — Coimeádáin leath-bhulc oiriúnach amach ón chósta: 1 000L, is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 500 IG (2 273L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 1 000 IG (4 546L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

4.7.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Dáileog 0.25 go 0.5 g glútaildéad sa lítear den leacht deighilte.

Braitheann an dáileog go mór ar an fhoirmliú agus úsáid bheartaithe den mhaitrís atá an leasú curtha leis. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfaidh an t-úsáideoir na riachtanais dáileoige a dhearbhú don chóras/maitrís sonrach a bheith leasaithe. Ba chóir go mbeidh an dáileog is ísle is éifeachtaí úsáidte. Má's gá, téigh i gcomhairle le déantúsóir an táirge leasaithe.

4.7.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.7.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.7.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

Breise:

Beidh uisce éilithe ag eascairt as glanadh bailithe agus bainte le diúscairt de réir rialachán agus coinníollacha AE agus áitiúla.

Beidh táirge dramhaíola atá fágtha i gcoimeádáin fágtha ar ais sna coimeádáin don soláthróir le glanadh/athlíonadh.

Déantar láimhseáil ar sloda dramhaíola ó oibrithe mar dramhaíl tionsclaíoch agus ní dhéantar é a scaipeadh ar thalamh.

4.7.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.8. **Tuairisc úsáide**

Tábla 8.

Leasú leachtanna caite i gcórais fuaraithe athshruthaithe dúnta

An cineál táirge	PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh úsáid lasmuigh Córas próiseála agus fuaraithe/téite athshruthaithe dúnta leachta.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáileadh sa chóras fuaraithe.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 25 go 200 g glútaildéad sa m^3 d'uisce. Airí uainithe: Gach dhá nó trí mhí ag brath ar thréithe an chórais agus cobhsaíocht an táirge bithicíde san uisce cóireáilte.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch gairmí oilte
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buicéid: 25L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Drumaí: 220L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — IBC (bulc-choimeádán idirmheánach): 1 000L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Trucail bhulc-tanc: 28 MT ollmheáchan uas.., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Trucail bhulc ISO: 20 MT ollmheáchan uas., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Drumaí oiriúnach amach ón chósta: 200L, ábhar déantúsaíocha is poileitiléin ard dlús é. — Coimeádáin leath-bhulc oiriúnach amach ón chósta: 1 000L, is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 500 IG (2 273L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 1 000 IG (4 546L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

4.8.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Moltar córais shalacha a ghlanadh go meicniúil le huisce glan sula dtosaíonn an chóireáil leis an táirge bithicíde.

Dáil isteach i bpointe den chiorcad atá measctha go maith, faoi leibhéal an uisce. Nuair atá an córas á oscailt do sheirbhísiú nó cothabháil, is féidir le bithicíd a bheith athraithe arís ag na tiúcháin dáileoige bunaidh.

Monatóir córais

Rialaigh leibhéal na bithicíde le fearas tástála ar a laghad gach 3 mhí agus roimh tréimhse múchta an chórais. Rialaigh éilliú miocróbach le sleamhnáin thumtha nó teicnící oiriúnacha eile ar laghad gach 3 mhí.

Ní mór aird ar leith a ghlacadh le linn tréimhse múchta an chórais nuair atá leachtanna stálaithe i mbaol éilithe miocróbach níos mó.

Dáil 25 go 200 g glútaildéad sa m^3 d'uisce.

Braitheann an dáileog agus an mhinicíocht go mór ar an fhoirmliú agus úsáid bheartaithe den mhaitrís atá an leasú curtha leis. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfaidh an t-úsáideoir na riachtanais dáileoige a dhearbhú don chóras/maitrís sonrach a bheith leasaithe. Ba chóir go mbeidh an dáileog is ísle is éifeachtaí úsáidte. Má's gá, téigh i gcomhairle le déantúsóir an táirge leasaithe.

4.8.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Taosc sreabhán fuaraithe leasaithe ar a laghad cúig lá tar éis an táirge bithicíde a chur leis go deireanach.

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.8.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.8.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.8.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.9. **Tuairisc úsáide**

Tábla 9.

Leasú leachtanna caite i gcórais fuaraithe athshruthaithe oscailte.

An cineál táirge	PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Algaí glas Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid lasmuigh Córas próiseála agus fuaraithe/téite athshruthaithe oscailte leachta.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: open system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cuirtear an glútaildéad go huathoibríoch leis an chiorcad uisce chomh thuas sreabhadh agus is féidir de ghnáth trí instealladh ó chaidéil dáileoige agus línte sreafa sa tanc breiseáin. Úsáidtear amadóir do dháileadh idirmheánach.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 25 go 50 g glútaildéad sa m^3 d'uisce. Airí uainithe: Dáileog tipiciúil: 1-2 lá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch gairmí oilte
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buicéid: 25L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — Drumaí: 220L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é. — IBC (bulc-choimeádán idirmheánach): 1 000L ainmniúil, ábhar déantúsaíochta is poileitiléin ard dlús é.

	— Trucail bhulc-tanc: 28 MT ollmheáchan uas.., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Trucail bhulc ISO: 20 MT ollmheáchan uas., is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Drumaí oiriúnach amach ón chósta: 200L, ábhar déantúsaíocha is poileitiléin ard dlús é. — Coimeádáin leath-bhulc oiriúnach amach ón chósta: 1 000L, is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 500 IG (2 273L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta. — Coimeádáin oiriúnacha amach ón chósta: 1 000 IG (4 546L), is cruach dhosmálta é an t-ábhar déantúsaíochta.

4.9.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Do rialú ar fhás miocróbach i gcórais fuaraithe uisce tionsclaíoch cóireáilte le táirge bithicíde trí dháileadh leidhbe.

Níl sé beartaithe d'úsáid i gcórais fuaraithe aon uair tríd.

Moltar córais shalacha a ghlanadh go meicniúil sula dtosaíonn an chóireáil leis an táirge bithicíde.

Dáil isteach i bpointe den chiorcad atá measctha go maith, faoi leibhéal an uisce.

Gnáthdháileog : 1-2 lá.Maireann gach dáileog leidhbe 15-30 nóiméad, ag brath ar acmhainn an chaidéil agus toirt an uisce sa chiorcad. Níor chóir go mairfidh cóireáil níos faide ná 2 lá.

Dáil 25 go 50 g glútaildéad sa m^3 d'uisce.

Braitheann an dáileog agus an mhinicíocht go mór ar an fhoirmliú agus úsáid bheartaithe den mhaitrís atá an leasú curtha leis. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfaidh an t-úsáideoir na riachtanais dáileoige a dhearbhú don chóras/maitrís sonrach a bheith leasaithe. Ba chóir go mbeidh an dáileog is ísle is éifeachtaí úsáidte. Má's gá, téigh i gcomhairle le déantúsóir an táirge leasaithe.

4.9.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Infheidhmithe i gcórais le ráta sreafa séidte de ≤2 m^3/h agus astaíocht chuig an séarach cathrach. I gcás astaíocht dhíreach de uisce séidte chuig uisce dromchla ba chóir go mbeidh an scaoileadh de réir lochán socraithe a ligeann do dhóthain coinneála.

4.9.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.9.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.9.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha úsáide ginearálta.

4.10. **Tuairisc úsáide**

Tábla 10.

Leasú d'uisce insteallta sa tionscal ola agus gáis.

An cineál táirge	PT11: Leasaithigh do chórais fuaraithe leachtaigh agus phróiseála
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Níl sé ábhartha.
